An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior CYCLE for teachers

Ceol na teanga



# Gaeilge T1

## Eispéireas Foghlama Gairmiúil

2020 - 2021

Ionad Oideachais Mhuineachán
An Roinn Oideachais
Department of Education


CC BY NC

# Clár


| | |
|---|---|
| Tábhacht na cruthaitheachta | 3 |
| Straitéisí féideartha | 4 |
| Foinsí tacúla | 5 |
| Prionsabail an Chreata | 6 |
| Torthaí foghlama: Snáithe 1 | 7 |
| Torthaí foghlama: Snáithe 2 & 3 | 8 |
| Formáidí do MRB 2: An Tasc Cumarsáideach | 9 |
| Roth: Nósanna cruthaitheacha na hintinne | 10 |
| Gnéithe de nósanna cruthaitheacha na hintinne | 11 |
| Deiseanna don chruthaitheacht: Seomraí scartha, Seisiún 1 | 12 |
| Cruthaitheacht ó bhéal | 13 |
| An chruthaitheacht scríofa: Seomraí scartha, Seisiún 2 | 14 |
| ‘Rang Beag Scríbhneoireachta’ le CIC | 15 |
| Taighde sa rang Gaeilge: Seomraí scartha, Seisiún 2 | 16 |
| Póstaer: Taighde | 17 |
| Póstaer: Aiseolas | 18 |
| Staidéar ar an litríocht: Fócais | 19 |
| An fhoghlaim chéimneach 1 | 20 |
| An fhoghlaim chéimneach 2 | 21 |
| Liricí: 3 amhrán | 22 |
| Teimpléad pleanála idirghníomhach | 25 |
| Cultúr an ranga | 26 |
| Taighdeoirí ar an gcruthaitheacht | 27 |
| Miontaighde: Teanga agus litearthacht | 27 |
| Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach | 28 |
| Gníomhphointí | 29 |
| Mo nótaí féin | 30 |

## Tábhacht na cruthaitheachta

## An Ghaeilge, an Ghaeltacht, an Cultúr agus an Chruthaitheacht





Is feidhm de chuid na daonnachta í an chruthaitheacht: snáithe comónta a bhaineann ciall as taithí an duine agus a insíonn í, i bhfoirmeacha an-chasta uaireanta, i bhfad ó bhaile nó tar éis na gcianta cairbreacha.

Bíonn seifteanna ag gach cultúr chun ciall cheannaithe na muintire, a ngreann agus a scileanna, a sholáthar mar acmhainní do dhaoine aonaracha agus do phobail; aimsíonn gach glúin tuiscintí nua ar a hoidhreacht, agus modhanna nua le dul i ngleic léi. Tír atá á samhlú le fada le dúil sna leabhair agus sna scannáin, tá Éire tite isteach go héasca le modhanna nua i gcultúr na meán, agus ní sna cathracha amháin.

***An Ghaeilge, an Ghaeltacht, an Cultúr agus an Chruthaitheacht***
**(Acadamh Ríoga na hÉireann), lch 3**


### Clár Éire Ildánach




Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an cruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

***Clár Éire Ildánach: Cultúr, Folláine agus an tSochaí Ildánach, lch 7***

### Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1




Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo a chuireann go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. **Sonraíocht T1, lch 5**

## Straitéisí féideartha chun cruthaitheacht a chothú sa rang

| Straitéisí ina gcuirim suim | Leas féideartha |
|---|---|
| | |


## Foinsí tacúla chun cruthaitheacht a chothú sa rang

| Foinsí ina gcuirim suim | Féidearthachtaí |
|---|---|
| | |

# Prionsabail an Chreata

Tá ocht bprionsabal mar bhonn leis an *Creat don tSraith Shóisearach* (Figiúr 1). Treoróidh na prionsabail seo an phleanáil do chláir na sraithe sóisearaí i ngach scoil mar aon lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.

*Figiúr 1: Prionsabail an oideachais sa tsraith shóisearach*



# Torthaí Foghlama T1

## SNÁITHE 1: CUMAS CUMARSÁIDE

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Éisteacht**

1.1 ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas a thuiscint
1.2 éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint
1.3 seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint
1.4 teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint
1.5 idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge
1.6 píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha

**GNÉ: Léamh**

1.7 úsáid a bhaint as raon straitéisí léitheoireachta, straitéisí dí-chódaithe san áireamh
1.8 dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna* Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí
1.9 conclúidí/impleachtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hábhar téacs a fhiosrú
1.10 léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
1.11 rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh
1.12 saintéarmaíocht a aithint agus a thuiscint i réimse éagsúla téacsanna agus seánraí scríbhneoireachta
1.13 difríochtaí idirthéacsúla a fhiosrú agus a phlé i réimse téacsanna

**GNÉ: Labhairt**

1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa
1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar
1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí
1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí
1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

**GNÉ: Idirghníomhú cainte**

1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá
1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla
1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá
1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile
1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine
1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
1.25 déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl

**GNÉ: Scríobh**

1.26 téacsanna pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite
1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraíúil a bhaint as an teanga
1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh
1.29 freagairt phearsanta do théacsanna* ag léiriú tuiscint chriticiúil ar stíl, ábhar, tuin, íomhánna an téacs
1.30 gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid
1.31 píosaí scríofa a chruthú agus a roinnt i bhformáidí éagsúla ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha
1.32 stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí)

## SNÁITHE 2: FEASACHT TEANGA AGUS CHULTÚRTHA

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

2.1 ionchur saibhir cruinn a thabhairt faoi deara sna scileanna teanga uile agus eiseamláirí den dea-úsáid teanga a athúsáid
2.2 patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú
2.3 difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint
2.4 an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide
2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo
2.6 litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid
2.7 saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

2.8 gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
2.9 tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais**

2.10 tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach
2.11 cultúir theangacha neamhfhorleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha

## SNÁITHE 3: FÉINFHEASACHT AN FHOGHLAIMEORA

### Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:

**GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga**

3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama pearsanta a fhorbairt chun sealbhú scileanna inaistrithe teanga a éascú
3.2 déileáil go héifeachtach le haiseolas
3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú

**GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair**

3.4 cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaimeoir
3.5 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna scileanna teanga ar fad
3.6 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
3.7 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh

**GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga**

3.8 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga
3.9 céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga

***Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach.**

## Formáidí do MRB 2: An Tasc Cumarsáideach




An Ghaeilge (curriculumonline.ie)

NCCA

| | |
|---|---|
| Cad iad na formáidí éagsúla a léirítear sa bhfíseán? | |
| Cén formáidí ar bhain do chuid scoláirí úsáid astu anuraidh? | |


## Nósanna Cruthaitheacha na hIntinne




**Treoracha don Roth**

- Déan do mhachnamh ar a bhfuil sa roth
- Dathaigh isteach cé chomh compordach is atá tú le gach fonós cruthaitheach, ag tosú sa lár agus ag druidim amach mar léiriú ar mhuinín sa nós sin (.i. lár = 1; imeall daite = 5)
- An dtugaimid deis rialta do na scoláiri nósanna cruthaitheacha intinne a chleachtadh?
- An bhfuil taithí dhifriúil agat ar nósanna / fonósanna cruthaitheacha na hintinne éagsúla?

# Gnéithe de nósanna cruthaitheacha na hintinne



**COMHOIBRIÚ MAR MHEITHEAL**

- comhoibriú mar is cuí
- aiseolas a thabhairt & a fháil
- an táirge a roinnt

**FÉINSMACHT**

- an cheird a fhoghlaim agus a fheabhsú
- machnamh go criticiúil
- teicnící a fhorbairt

**FIOSRACHT**

- meabhrú & ceistiú
- fiosrú & iniúchadh a dhéanamh
- tuairimí a cheistiú

**DIANSEASMHACHT**

- cloí le hobair in ainneoin deacrachtaí
- misneach a bheith agat a bheith difriúil
- an fód a sheasamh in ainneoin éiginnteachta

**SAMHLAÍOCHT**

- úsáid a bhaint as d'inniúlachtaí nádúrtha
- naisc a dhéanamh
- triail a bhaint as féidearthachtaí difriúla

Aistrithe agus curtha in oiriúint ó: Lucas, Bill and Spencer, Ellen (2017): Teaching Creative Thinking. Developing learners who generate ideas and can think critically. Pedagogy for a Changing World.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Deiseanna don chruthaitheacht / núalaíocht / fiontraíocht sa rang

**Seomraí scartha:** Ceist amháin a phlé sa ghrúpa

Conas a chruthaímid deiseanna don scoláire…

1, 3, 5: … chun **eiseamláirí den chruthaitheacht a bhlaiseadh** sa rang Gaeilge?

2, 4, 6: … chun **a chuid scileanna féin** sa chruthaitheacht / nuálaíocht / fiontraíocht **a fhorbairt** sa rang?

**Rólanna: Cathaoirleach** agus **urlabhraí*** (príomhphointí aiseolais)

*Ainm leis an litir is gaire do thus na haibítre!

**Am**: 8n **Fógra** nuair atá 2n fágtha.

***Straitéis***

Obair ghrúpa ar líne

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

# Cruthaitheacht ó bhéal

| | |
|---|---|
|   | **Laoise Ní Bhéarra & Damhnait Ní Fhatharta**<br>**Lúibín - 'Joe Canning & David Burke'**<br><br>https://www.youtube.com/watch?v=GsbkGec0KRM |
|   | **Marcas & Cóil Mac Con Iomaire**<br>**Agallamh Beirte - 'An Hijack'**<br><br>https://www.youtube.com/watch?v=WFx68yXD2C8&t=9s |

**Cad atá cruthaitheach**

- **faoin bhformáid?**
- **faoin teanga?**
- **faoin gcaoi ina dtugtar faoin ábhar?**

# An chruthaitheacht scríofa a chothú

**Seomraí scartha:** TF amháin a phlé sa ghrúpa
Cad iad na scileanna/an tuiscint atá gceist?
Samplaí coincréiteacha de na scileanna/tuiscint

**Seomra 1:** 1.26 **Seomra 2:** 1.27
**Seomra 3:** 1.31 **Seomra 4:** 2.4

**Rólanna: Cathaoirleach** agus **urlabhraí*** (príomhphointí aiseolais)
*Ainm leis an dara litir is gaire do thus na haibítre!

**Am**: 5n **Fógra** nuair atá 2n fágtha.

## ‘Rang Beag Scríbhneoireachta’ le CIC

| | |
|---|---|
|   | **Réaltán Ní Leannáin**<br>**Rang beag scríbhneoireachta**<br><br>Réaltán Ní Leannáin, Rang Beag Scríbhneoireachta le Cló Iar-Chonnacht – YouTube |
|   | **Áine Durkin**<br>**Rang beag scríbhneoireachta**<br><br>Áine Durkin, Rang Beag Scríbhneoireachta le Cló Iar-Chonnacht – YouTube |
|   | **Anna Heussaff**<br>**Rang beag scríbhneoireachta**<br><br>Anna Heussaff, Rang Beag Scríbhneoireachta le Cló Iar-Chonnacht – YouTube |
|   | **Alex Hijmans**<br>**Rang beag scríbhneoireachta**<br><br>Alex Hijmans, Rang Beag Scríbhneoireachta le Cló Iar-Chonnacht – YouTube |
|   | **Áine Ní Ghlinn**<br>**Rang beag scríbhneoireachta**<br><br>Áine Ní Ghlinn, Rang Beag Scríbhneoireachta le Cló Iar-Chonnacht - YouTube |

## Nodanna a thaitníonn liom ó na scríbhneoirí

# Céimeanna sa Taighde

## Próiseas / cur chuige féideartha


Lch. 16

1. Conas a bhailíonn an scoláire an t-eolas? Suirbhé, ceistneoir, comhrá, leabhair, innill chuardaigh éagsúla?
2. Machnamh an scoláire ar an taighde. An bhfuil eolas / léargas nua ann don scoláire? An bhfuil ceangal ann le hábha(i)r eile?
3. An bhfuil an scoláire ag obair leis féin nó i ngrúpa?
4. Cad atá foghlamtha? Tagairtí / athfhriotal chun aitheantas a thabhairt d'fhoinsí. Ráiteas / sonraí & samplaí.
5. Sprioc an taighde? Ceist mar spreagthach don taighde?
6. Cén t-eolas atá de dhíth ón taighde? Leathnú amach ar eochairfhocail / ar choincheapa lárnacha.
7. Foinsí éagsúla a lorg agus ansin scagadh a dhéanamh orthu / idirdhealú eatarthu.
8. Cén chuid den eolas is spéis leis an scoláire a úsáid? Cén fhormáid ina gcuirfear an t-eolas/tuiscint i láthair (ó bhéal, i scríbhinn, go hilmhódach?
9. An bhfuil ord agus eagar ar an ábhar atá roghnaithe ag an scoláire?
10. Cén ghné den topaic/ ábhar a bhfuil an scoláire ag díriú uirthi?
11. Ábhar taitneamhach/ suimiúil á roghnú ag an scoláire i gcónaí

G

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Tionscnamh ar chultúr eile



G

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

G

# Tionscnamh: Cultúr nó teanga éagsúil

## (nó gné den chultúr)

**Am**: 8n **Fógra** nuair atá 2n fágtha.

- Roghnaígí ábhar féideartha do thionscnamh.
- Cuir ord féideartha ar na boscaí a bhaineann le próiseas an taighde ar an gcéad sleamhnán eile.
- Beidh **8 nóiméad** agaibh anois sa seomra scartha.
- Tá spás sa leabhrán chun ord féideartha a chur ar na boscaí.

# Póstaer: Taighde

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

# Ag tabhairt faoi Thaighde




## Cad is Taighde ann?

**Miontaighde go laethúil**

- Píosaí beaga taighde
- Eolas a lorg nó a shoiléiriú
- Focal/ frása a chuardach
- Brí a thuiscint nó a dheimhniú
- Foinse eile a úsáid

**Mórthaighde go tráthrialta**

- Píosaí móra taighde
- Ábhar/topaic a fhiosrú
- Tionscnamh a chur le chéile
- Leathnú amach ar obair eile
- Foinsí éagsúla a scagadh

## Ag dul i mbun mórthaighde

*Ábhar taitneamhach/suimiúil duit féin a roghnú i gcónaí*

- Cén ghné den topaic/ábhar a dhíreoidh tú air?
- Cén t-eolas atá de dhíth agus conas a bhaileoidh tú é?
- An mbeidh tú ag obair leat féin nó mar chuid de ghrúpa?
- Cad iad na foinsí éagsúla gur féidir leat a úsáid?
- Cén chuid den eolas a fuair tú ón taighde gur spéis leat a úsáid?
- An bhfuil ord agus eagar ar an ábhar atá roghnaithe agat?
- An bhfuil tú sásta le do chuid taighde- déan machnamh air?





## Torthaí mo chuid Taighde


- Cad atá foghlamtha agam mar thoradh ar mo chuid taighde?
- Cén t-eolas, scileanna agus tuiscintí nua atá agam anois?
- An bhfuil léargas nua forbartha agam?
- Cén fhormáid a roghnóidh mé chun conclúidí mo chuid taighde a chur in iúl?

## Póstaer: Aiseolas




## Nótaí ar an aiseolas ó bhéal:

## Staidéar ar an litríocht: Fócais




## Nótaí

| | |
|---|---|
| **Teanga & Litearthacht** | |
| **Scileanna Criticiúla agus Cruthaitheacha** | |
| **Tuiscintí Cultúrtha** | |
| **Forás Pearsanta** | |

## An fhoghlaim chéimneach 1

# G Filíocht: Féidearthacht amháin

### An chéad dán:

**Taitneamh:** An dtaitníonn sé leat? Cén fáth?

**Stór focal an tseánra**: dán, teideal, file, véarsa, siombail, meafair, téama,

**Cúlra an dáin:** Céard a spreag an file chun dul i mbun pinn (cuimhne nó eachtra nó cúlra/saol an fhile)?

**Suíomh an dáin:** Áit ar leith nó samhlaíocht an fhile?

**Mothúchán láidir amháin**

### Ansin:

**Friotal:** Simplí nó casta, gonta nó saibhir, sean nó nua-aimseartha

**Mothúcháin éagsúla?**

- grá / grá éagmaise
- gliondar / moladh / ceiliúradh
- brón / cáineadh / uaigneas
- bás / briseadh croí

**Teicnící éagsúla**

Íomhánna: Cad iad & an ról atá acu

Siombail: an tábhacht/an chiall a bhaineann leo

### Ina dhiaidh sin:

**Stíl:** Struchtúr nó saorvéarsaíocht (TF 2.6: poncaíocht) Rím, rithim, luas mall nó sciopaidh?

**Cineál:** Dán grá, dán dúlra, dán pearsanta, tírghrá, aoir, dán greannmhar?

**Téama:** Teachtaireacht an dáin a aithint & fianaise a lorg

**Freagairt phearsanta**

**Cumadóireacht:** Do dhán féin a scríobh? Cur i láthair: fé mar a d'imigh dán i bhfeidhm ort? Scéal a scríobh a spreag an dán i do shamhlaíocht?

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

## Nótaí

## An fhoghlaim chéimneach 2




- Pléigí bhur dtuairimí i leith 3 (nó 4) cinn de choincheapa/teicnící (cosúla / difriúla) a bhaineann leis an amhránaíocht a léirítear i ngach amhrán: 1, 2, 3.
- Féach ar an teimpléad seo sa Leabhrán, **lch 21.**
- An féidir libh aontú ar ord chun tabhairt faoi na hamhráin bunaithe ar an bplé a bhí agaibh?
- Aithneoidh grúpaí difriúla féidearthachtaí difriúla – ach tá an plé tábhachtach chun teacht ar thuiscint agus sibh ag cuimhneamh ar bhur scoláirí féin

# Liricí: 3 amhrán

**Ceap do Shuaimhneas**

Ceol agus liricí le hIMLÉ

https://www.youtube.com/watch?v=Z5VlkDpH1rM

[Cúrfá]
Ceap do shuaimhneas, lig do scíth
Ceap do shuaimhneas má tá tú ag rith ar an tanaí
Ceap do shuaimhneas,bí istigh leat féin
Ceap do shuaimhneas má tá an saol ag luí dian ar do shaol féin

[Véarsa 1]
Nuair is crua don chailleach caithfidh sí rith
Is nuair atá d'aigne chomh scaipthe le mún giorria
Cad é a dúirt an tailliúr linn ó Ghuagán Barra
Glac bog an saol is glacfaidh an saol bog tú féin, a chara

[Droichead]
Is minic a smaoinim ar an am nuair a bhí mé óg
Is mé ag smaoineamh ar am ar cheap mé gur thóg
Daoine rudaí uaim ach bhí seo go hiomlán páisteach
Táim buíoch le rá nach raibh ann ach seal sealadach
Tromlach na smaointe, smaointe a bhí mídhírithe….

Mar fhear, mar pháiste, mar bhuachaill óg
Fiú i mo chloigeann déanamh gleo déanamh gleo
De bhrí sin gan mórán scíth do dhuine ar bith ón stró
Ach d'fhás mé suas ag foghlaim go hocrach le luas
Mar go raibh sé i gceist go bpiocadh rudaí suas
I mo shaol is gan iad seo, beag an baol beag an baol
Go mbeinnse sásta ar feadh i bhfad in sa saol

[véarsa 2]
beidh tú fada a dhóthain ag tabhairt an fhéir
mar sin canathaobh ná bainfeá súp as an saol
fóill ort a chroí, fóill ar do shámh
bainfimid fad as an oíche seo go fóill

[curfá]
ceap mo shuaimhneas, lig mo scíth
is ceapfaidh mise do shuaimhneas duit
ó mhaidin go hoíche, a chroí
ceap do shuaimhneas, luigh siar faoin ngréin
ceap do shuaimhneas, as fad agus leithead déanfaimid aon

**An Mhaighdean Mhara (Traidisiúnta)**

Á sheinm ag Altan: [An Mhaighdean Mhara lyrics and chords - Altan - SongsInIrish.com]

Is cosúil gur mheath tú
Nó gur thréig tú an greann
Tá an sneachta go freasach
Fá bhéal na mbeann'
Do chúl buí daite
Is do bhéilín sámh
Siúd chugaibh Mary Chinnidh
'S í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh

A mháithrín mhilis
Duirt Máire Bhán
Fá bhruach an chladaigh
'S fá bhéal na trá
Maighdean mhara, mo mhaithrín ard
Siúd chugaibh Mary Chinnidh
'S í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh

Tá mise tuirseach
Agus beidh go lá
Mo Mháire bhroinngheal
'S mo Phádraig bán
Ar bharr na dtonnta
'S fá bhéal na trá
Siúd chugaibh Mary Chinnidh
'S í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh

**Bí ann / Leanfaidh mé**

Ceol agus liricí le Kíla

Bí Ann / Leanfaidh Mé lyrics and chords - Kíla - SongsInIrish.com

Bí ann, bí liom
Bí gasta, bí cróga
Bí cliste, bí cinnte
Bí casta, bí glic
Bí grámhar, gealgáireach
Bí socair laistigh
Is bí doimhin ach bí éadrom
Gan teannas ar bith
I do chorp, i do chroí
I do cheann, ins a tslí
Ina chuireann tú tú fhéin i láthair
I pé chomhluadar ina bhfuil tú
Bí ann liom
Bí láidir il-dána
Nuair a chasann an domhan
Bí ann dom
Agus buailfimid le chéile
Nuair a thagann an t-am
(2x)

Só, fiú má chothaítear fadhb
Leanfaidh mé ar aghaidh
Fiú má chothaítear fadhb
Leigheasófar é
Fiú má chothaítear fadhb
Leanfaidh mé ar aghaidh
Fiú má chothaítear fadhb
Ní deireadh an domhan é
Fiú má chothaítear fadhb
Leanfaidh mé ar aghaidh
Fiú má chothaítear fadhb

Leanfaidh mé...

Nó ní dhéanfaidh siad riamh
cosc a chur ar mo bhróga

Nó ní dhéanfaidh siad riamh
cosc a chur ar mo chóta
Nó ní dhéanfaidh siad riamh
cosc a chur ar mo threo

Leanfaidh mé, leanfaidh mé
Leanfaidh mé, leanfaidh mé
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mo shaol le caitheamh agam
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil sé ar mo chumas agam
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Mar gur b'shin an modh
Ab'fhearr a oireann dom
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Le pé rud é atá le déanamh agam
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Mar gur b'shin an treo a bhraithim ionam
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Mar a leanann mo chroí ag buaileadh liom
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Ar an luas a ritheann liom ag an am
Leanfaidh mé
Mar go bhfuil mé fós beo
Leanfaidh mé
Fiú más rud é
Nach mbíonn fhios mo shlí agam

Tá saol agam, tá súil agam
Tá rogha agam, tá rún agam
Tá bád agam, tá cuan agam
Tá tonn ar an trá
Tá scéal agam, tá siúl agam
Tá deis agam, tá duais agam
Tá cás agam, tá cúis agam
Tá fonn ar mo ghrá

Fiú má chothaítear fadhb...

Nó ní dhéanfaidh siad riamh
cosc a chur ar mo anam

# Teimpléad idirghníomhach & ceisteanna don phlé

<table>
<tr><td colspan="2">Aonad Foghlama:</td><td>Bliain:</td><td colspan="2">Fad ama:</td></tr>
<tr><td colspan="5">Réamhfhoghlaim:</td></tr>
<tr><td colspan="5">Is ráitis iad na Torthaí Foghlama a dhéanann cur síos ar an tuiscint, ar an eolas, ar na scileanna agus ar na luachanna a mba chóir do scoláirí a bheith in ann a thaispeáint roimh dheireadh an tríú bliain. Ní mór Torthaí Foghlama as na trí shnáithe a chomhtháthú maraon le comhtháthú na gcúig scil teanga.</td></tr>
<tr><td>Torthaí Foghlama T1</td><td>Snáithe 1:<br>Cumas Cumarsáide<br><br>Éisteacht<br>Roghnaigh Toradh Foghlama.<br><br>Léamh<br>Roghnaigh Toradh Foghlama.<br><br>Labhairt<br>Roghnaigh Toradh Foghlama.<br><br>Idirghníomhú cainte<br>Roghnaigh Toradh Foghlama.<br><br>Scríobh<br>Roghnaigh Toradh Foghlama.</td><td>Snáithe 2:<br>Feasacht Teanga agus Chultúrtha<br><br>Roghnaigh Toradh Foghlama.</td><td colspan="2">Snáithe 3:<br>Féinfheasacht an Fhoghlaimeora<br><br>Roghnaigh Toradh Foghlama.</td></tr>
<tr><td>Téacs(annaLitrío chta</td><td colspan="4">Téacs(anna) Litríochta / Téacsanna Tacúla / Acmhainní Breise:</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Fóca is</td><td colspan="2">Teanga agus litearthacht</td><td colspan="2">Scileanna criticiúla agus cruthaitheacha</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tuiscintí cultúrtha</td><td colspan="2">Forás pearsanta</td></tr>
<tr><td>Measúnú</td><td colspan="2">Deiseanna Measúnaithe Foirmitheacha Féideartha:</td><td colspan="2">Cur síos ar an bpríomhdheis mheasúnaithe:</td></tr>
<tr><td>Machnamh</td><td colspan="4">Machnamh an Mhúinteora ar an Teagasc agus ar an bhFoghlaim:</td></tr>
</table>

- **TFanna a roghnú agus amhrán mar spreagthach don chumarsáid chruthaitheach**
- **Cén fóca(i)s a bheidh ag an staidéar ar an amhrán?**
- **Deiseanna don mheasúnú ar na príomh-TFanna: Éagsúlacht sa mheasúnú?**
- **Cad iad na deiseanna don eispéireas foghlama, taighde san áireamh?**

## Cultúr an ranga

### Modhanna chun an chruthaitheacht a chur chun cinn inár seomraí ranga

Curtha in oiriúint ó **30 Things You Can Do To Promote Creativity** le Miriam Clifford (2012)

1) Glac leis an gcruthaitheacht mar chuid lárnach den fhoghlaim.
2) Bain úsáid as na straitéisí is éifeachtaí.
3) Smaoinigh ar an gcruthaitheacht mar scil.
4) Glac páirt i gclár nó cruthaigh clár chun scileanna cruthaitheacha a fhorbairt.
5) Bain úsáid as ceangail mhothúchánacha na scoláirí.
6) Bain úsáid as múnla cruthaitheach nó patrún chun an smaointeoireacht a fhorbairt.
7) Déan machnamh ar an gcaoi go mbaintear úsáid as smaointeoireacht chomónta agus smaointeoireacht éagsúil i gceachtanna.
8) Cruthaigh atmaisféar comhghleacúil cruthaitheach.
9) Tabhair tacaíocht do scoláirí i gcomhráití ranga.
10) Tabhair aitheantas don chruthaitheacht.
11) Bain úsáid as tobsmaointeoireacht chun teacht ar fhuascailt na faidhbe.
12) Bain úsáid as spreagthaigh.
13) Cruthaigh saoirse agus solúbthacht sa rang chun tacú leis an gcruthaitheacht.
14) Bí ar an eolas mar gheall ar chaighdeáin.
15) Bain úsáid as acmhainní chun an chruthaitheacht a chur chun cinn.
16) Glac le botúin.
17) Cruthaigh spás don chruthaitheacht.
18) Tabhair deis agus am do scoláirí ceisteanna a chur.
19) Lig do scoláirí úinéireacht a ghlacadh ar a bhfoghlaim chun go dtiocfaidh fás ar a gcuid muiníne.
20) Múscail fiosracht i do scoláirí.
21) Cuir struchtúr ar an gcruthaitheacht le léitheoireacht, scríbhneoireacht agus míreanna éisteachta.
22) Féach ar mhúnla oibre cruthaitheachta.
23) Éist leis na saineolaithe agus iad ag labhairt mar gheall ar straitéisí i leith na cruthaitheachta.
24) Déan scagadh ar chultúir eile.
25) Aimsigh modhanna chun ceol, cultúr agus ealaín a chomhtháthú.
26) Lig do na scoláirí obair a dhéanamh mar chomhchruthaitheoirí.
27) Dear ceachtanna ildisciplíneacha chun naisc a cheangal le hábhair eile.
28) Bain úsáid as gach cineál intleachta agus buanna éagsúla.
29) Bí cinnte go dtuigeann scoláirí go bhfuil cruthaitheacht tábhachtach don fhostaíocht.
30) Múin scileanna na cruthaitheachta (samhlaíocht, comhoibriú, dianseasmhacht agus freagracht an scoláire) agus cruthaigh nós na cruthaitheachta.

'Educational researchers' personal explicit theories of creativity and its development: A qualitative study'

Maksic & Pavlovic (2012)

[Educational researchers' personal explicit theories of creativity and its development: A qualitative study | Request PDF (researchgate.net)]

'30 Things You Can Do To Promote Creativity'

Miriam Clifford (2012)

https://www.opencolleges.edu.au/informed/creativity/promote-creativity-in-your-classroom/

'Teaching Creative Thinking'

Lucas, Bill and Spencer, Ellen (2017)

[(PDF) Teaching Creative Thinking: Developing learners who generate ideas and can think critically (researchgate.net)]

---

# Miontaighde

## Teanga & Litearthacht: Feasacht teanga

| **Stór Focal / Nathanna a léiríonn cruinneas / saibhreas / cruthaitheacht** | **Feasacht teanga** | **Aidhm Phearsanta** |
| --- | --- | --- |
| *Foinse = téacs litríochta ó bhéal. Lorgaíonn an scoláire brí / samplaí eile* | *An chuid den fheasacht teanga ina gcuireann an scoláire spéis* | *Socraíonn an scoláire ar an aidhm phearsanta atá aige mar gheall ar an rud atá foghlamtha aige* |

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE

## Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach

**Podchraoltaí** ar fáil ar chainéal SSM, Junior Cycle Talks / An tSraith Shóisearach ag Caint (ar Soundcloud nó aon áit eile a n-éisteann tú le podchraoltaí):

**Máire Zepf:** https://soundcloud.com/user-65250337/arts-in-junior-cycle-in-conversation-with-myra-zepf

**Kíla:** https://soundcloud.com/user-65250337/arts-in-junior-cycle-in-conversation-with-kila

Ceardlanna roghnacha sna healaíona ar fáil do mhúinteoirí gach ábhair:

**www.jct.ie**



## Gníomhphointí do mo chleachtas féin

| Gníomhphointí | An tseachtain seo | An mhí seo: | An téarma seo: |
|---|---|---|---|
| Príomhdhoiciméad amháin a bhfuil mé chun é a léamh ná: | | | |
| Acmhainn amháin atá mé chun leas a bhaint as i mo rang ná: | | | |
| Suíomh idirlín amháin a bhfuil mé chun é a fhiosrú ná: | | | |
| Cur chuige nua amháin sa teagasc/don fhoghlaim a bhfuil mé chun leas a bhaint as i mo rang ná: | | | |
| | An bhfuil tú ar an liosta seachadta chun cora poist a fháil uainn?<br><br>Chun clárú:<br>Téigh chuig www.jct.ie nó lean an cód QR seo | | |

# NÓTAÍ


**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**
Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna

**Oifig Riaracháin:**
Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: (047) 74008

**Oifig an Stiúrthóra:**
BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: (042) 936 4603


**Féach rannán na Gaeilge ar:** www.jct.ie

**Córas Giolcaireachta:**
@jctGaeilge | @JCforTeachers | #JCGaeilge

Ceol na teanga

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers